An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# AN POLASAÍ MAIDIR LE COSAINT LEANAÍ

## An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

## Clár


AN POLASAÍ MAIDIR LE COSAINT LEANAÍ ........ 1

1. Réamhrá ........ 3
2. Ráiteas maidir le Cosaint Leanaí ........ 5
3. An Ról atá leis an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe ........ 6
4. Daoine Sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí: ........ 6
5. Cód Cleachtais do bhaill na foirne ........ 6
6. Comhairle maidir le Cúrsaí Praiticiúla ag Déileáil le Leanaí ........ 8
7. Polasaithe na Roinne maidir le Cosaint Leanaí a chur i bhFeidhm ........ 10

8. Drochúsáid Linbh a Thabhairt chun Suntais ..... 11

9. Déileáil le Nochtadh maidir le Drochúsáid Linbh ..... 12

10. Tuairisc a thabhairt ar ábhar amhrais nó eolais maidir le drochúsáid linbh ..... 14

11. Rúndacht ..... 17

12. Líomhain ar bhall den Fhoireann i mbun dualgais: ..... 17

13. An nós imeachta a mholtar do dhuine ar a líomhnaítear sárú na dtreoirlínte ..... 19

14. An Nós Imeachta maidir le Gearán ó Bhall Foirne, Tuismitheoir nó Leanbh ..... 19

AGUISÍN 1 ..... 20

Ráiteas Corparáide maidir le Leanaí a Chumhdach ..... 20

AGUISÍN 2 ..... 25

Sonraí Comhfhreagrais Oifigigh Caidrimh Ainmnithe na Roinne ..... 25

AGUISÍN 3 ..... 27

Cosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí ..... 27

AGUISÍN 4 ..... 28

Dearbhú gach Duine den Fhoireann i leith an Pholasaí maidir le Cosaint Leanaí ..... 28

AGUISÍN 5 ..... 29

Foirm Toilithe ..... 29

AGUISÍN 6 ..... 30

Nósanna Imeachta Sábháilte maidir le hOibrithe a Earcú ..... 30

AGUISÍN 7 ..... 31

Seicliosta maidir le Comhlíonadh Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí ..... 31

## 1. Réamhrá

Ó ritheadh an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015, leagtar dualgais éagsúla faoin reachtaíocht ar ghrúpaí sonracha den lucht gairme agus ar eagraíochtaí áirithe a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí. D'fhoilsigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an leagan reatha de *Tús Áite do Leanaí - Treoir agus Reachtaíocht Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach* faoi alt 6 an Achta sa bhliain 2017. Tá de rún go mbeadh an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus an dea-chleachtas neamhreachtúil faoi mar a leagtar amach sa Treoir sin á gcur i bhfeidhm in éineacht. Chun críche na dtreoirlínte, tugtar de shainmhíniú ar leanbh gur ionann sin agus duine ar bith faoi bhun 18 mbliana d'aois seachas an té atá nó a bhí pósta.

Tá de dhualgas mar chorparáid ar an Roinn sábháilteacht agus leas na leanaí a mbíonn teagmháil leo ar bhealach ar bith a chur chun cinn. Pléitear sa cháipéis pholasaí seo le hábhar buartha maidir le sábháilteacht leanaí a thabhairt chun aire agus a thuairisciú agus leis an mbainistiú ina leith. Beidh an cháipéis ina cúnamh ag lucht bainistíochta agus ag an lucht foirne maidir leis an aird chuí a thabhairt ar chearta agus ar leasa leanaí.

Bíonn caidreamh ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le daoine óga ar bhealaí éagsúla; trí chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí a thagann faoi choimirce na Roinne, tríd na scéimeanna Gaeilge atá dírithe ar dhaltaí scoile agus tríd an gclár do dhaltaí na hIdirbhliana.

Bíonn caidreamh freisin ag roinnt Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne le leanaí agus le daoine óga mar gheall ar chláir oideachais nó ar chláir mhaoinithe. Leagtar de chúram ar na Comhlachtaí agus na Gníomhaireachtaí sin freisin treoirlínte agus polasaithe cuí maidir le cosaint leanaí ag teacht le *Tús Áite do Leanaí* a chur i bhfeidhm. Cinnteoidh an Roinn go gcomhlíonfar an dualgas sin tríd an gcaidreamh leanúnach maidir le cúrsaí rialachais leis na comhlachtaí seo agus trí líonra na nOifigeach Caidrimh Ainmnithe sa Roinn agus sna comhlachtaí agus sna gníomhaireachtaí a thagann faoina coimirce.

Cuireann an Roinn deontais ar fáil freisin do dhaoine, do chomhlachtaí agus do ghrúpaí, a mbíonn cuid mhaith acu ag cur seirbhísí ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga. Ceanglaíonn an Roinn ar ghrúpaí a mbíonn a plé le leanaí nó le daoine óga nó a bhfuil caidreamh acu leo, mar choinníoll maoinithe, go gcloítear le *Tús Áite do Leanaí - Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* agus tá nósanna imeachta curtha ar bun ionas go gcinnteofar fianaise ar leibhéil comhlíonta iomchuí i dtaca le *Tús Áite do Leanaí* i measc na ndreamanna a fhaigheann maoiniú faoi scéimeanna de chuid na Roinne.

Is den bhunriachtanas go mbeadh treoirlínte daingne maidir le cosaint leanaí i bhfeidhm sa Roinn agus sna Comhlachtaí agus sna Gníomhaireachtaí a mhaoinítear faoi Vótaí na Roinne mar bhonn treise faoin uile dhuine den fhoireann a mbeadh idirchaidreamh i gcáil ar bith acu le leanaí agus d'fhonn cosaint aon leanbh a bheadh faoinár gcúram a chinntiú. I mí Márta 2018, d'fhoilsigh an Roinn Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach (féach Aguisín 1). Tá an ráiteas sin ar fáil ar Láithreán Gréasáin agus ar Inlíon na Roinne. Is féidir le ball foirne cruachóip den ráiteas a fháil ón Aonad Rialachais Corparáide ach sin a iarraidh.

Ar na Bainisteoirí Líne a leagtar an cúram maidir lena mheas an mbeidh plé díreach ag baill foirne le leanaí agus tabharfaidh an Bainisteoir Líne treoir do na baill foirne maidir lena bhfuil de chúram orthu an tráth a gcuirtear i mbun dualgas den sórt sin iad. Beidh dlite ar an mball foirne a chuirtear

i mbun ról den sórt sin an Fhoirm chuí maidir le Dearbhú an Bhaill Foirne a shíniú (féach Aguisín 4).

[1] Tá feidhm leis an bpolasaí seo freisin i ndáil le baill foirne sealadacha/séasúracha, le conraitheoirí nó hoibrithe deonacha atá ag gníomhú thar ceann na Roinne i mbun gnó de chineál ar bith.

## 2. Ráiteas maidir le Cosaint Leanaí

Féachann an Roinn lena chinntiú oiread agus is féidir go gcosnaítear leanaí ar dhíobháil tarlú dóibh le linn caidreamh a bheith acu le baill foirne na Roinne i gcáil ar bith. Gabhtar de dhualgas ar an Roinn timpeallacht agus caidreamh sábháilte a chur ar bun sa chaoi agus gurb é leas an linbh/duine óig is tábhachtaí chun tosaigh ar aon ní eile. Coinneofar lena moltar in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*, arna fhoilsiú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Féachfaidh an Roinn freisin lena chinntiú go gcuirfidh na daoine, na grúpaí agus na comhlachtaí sin, a fhaigheann maoiniú ón Roinn agus a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, an fhianaise iomchuí ar fáil go bhfuil siad ag cloí le *Tús Áite do Leanaí*.

**Tábla 1: Gealltanais faoin bPolasaí maidir le Cosaint Leanaí**

Leanfaidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- A admháil go bhfuil de cheart ag leanaí go ndéantar iad a chosaint, go gcaitear le teann measa leo, go dtugtar cluais dóibh agus go dtugtar a gcuid tuairimí féin san áireamh;
- A admháil nach mór tús áite a thabhairt i gcónaí do leas an linbh, is cuma cé na cúinsí eile a thagann i gceist;
- Na cleachtais is sábháilte is féidir a ghlacadh ionas go maolaítear oiread agus is féidir an dóigh go dtarlódh díobháil nó timpiste do leanbh agus go gcosnaítear fostaithe ar aon chall dul i gcontúirt agus a thabhairt go mbeifí i mbaol drochíde nó faillí a chur ina leith;
- Nósanna imeachta a leagan amach maidir le déileáil le timpistí agus le gearáin;
- Oiliúint maidir le cosaint leanaí a chur ar fáil d'fhostaithe de réir mar is gá. Ba chóir go soiléireofaí leis sin a bhfuil de fhreagracht ar an eagraíocht agus ar gach duine faoi leith agus go léireofaí an nós imeachta atá le leanúint sa chás go mbítear in amhras go bhfuil drochíde á thabhairt do leanbh;
- Comhoibriú le gníomhaireachtaí agus le lucht gairme eile maidir le cúram agus cosaint leanaí tríd an bhfaisnéis chuí a bhabhtáil nuair is gá agus oibriú le chéile ar mhaithe leis an toradh is fearr is féidir do na leanaí a thagann i gceist;
- Caidreamh a cheangal le heagraíochtaí eile a bhaineann le hábhar d'fhonn polasaithe agus cleachtais maidir le cosaint agus leas leanaí a chur chun cinn.
- A chinntiú go bhfuil fianaise ann go bhfuil leibhéil comhlíonta iomchuí i dtaca le treoirlínte *Tús Áite do Leanaí* i bhfeidhm in eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú faoi scéimeanna maoinithe na Roinne. (féach Aguisín 8)

Tá de dhualgas freisin ar na Comhlachtaí agus ar na Gníomhaireachtaí uile a mhaoinítear faoi Vóta na Roinne Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach a bheith leagtha amach acu. Tabharfar Ráiteas na Roinne maidir le Leanaí a Chumhdach agus ráitis na ngníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí a thagann faoina coimirce faoi athbhreithniú go tráthrialta, agus déanfar iad a leasú de réir mar is gá, i ndáil leis an aiseolas a fhaightear, le dea-chleachtas agus/nó leasú ar bith ar an reachtaíocht.

Tá baill uile na foirne curtha ar an eolas faoi Pholasaí na Roinne maidir le Cosaint Leanaí agus Ráiteas na Roinne maidir le Leanaí a Chumhdach. Déanfar gach a n-éilítear mar gheall ar na

cáipéisí sin, atá ar fáil ar láithreán gréasáin agus ar inlíon na Roinne, a chur in iúl do gach ball nua foirne an tráth a gceaptar iad. Éilítear ar na bainisteoirí líne agus ar mhaoir bhaill eile foirne na nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí a mheabhrú don lucht foirne go tráthrialta.

## 3. An Ról atá leis an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe

Cé gur ar Ard-Rúnaí na Roinne atá bunfhreagracht i ndáil le Polasaí na Roinne maidir le Cosaint Leanaí a chur i bhfeidhm, tá Oifigigh Caidrimh Ainmnithe agus Leasoifigigh Caidrimh Ainmnithe ceaptha ag an Roinn d'fhonn a chinntiú go ndéanfar an Polasaí maidir le Cosaint Leanaí a chur chun cinn sa Roinn agus go ndéanfar fónamh do chur i bhfeidhm an pholasaí. Is ar an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe freisin atá an cúram maidir le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach Tusla nó leis an nGarda Síochána de réir mar is cuí.

Is ceart dul i mbun caidrimh leis an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe sa chás go mbíonn amhras nó imní ort maidir le sábháilteacht nó leas linbh nó duine óig san ionad oibre nó sa chás go gcuireann leanbh eolas maidir le drochíde san ionad oibre in iúl duit. Sa chás nach mbíonn, ar chúis ar bith, an tOifigeach Caidrimh Ainmnithe ar fáil, is ceart an cás an chur in iúl don Leasoifigeach Caidrimh Ainmnithe.

**Tugtar sonraí teagmhála maidir le gach Oifigeach Caidrimh Ainmnithe agus Leasoifigeach Caidrimh Ainmnithe in Aguisín 2 thíos.**

## 4. Daoine Sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí:

Is daoine iad na daoine sainordaithe a mbíonn caidreamh acu le leanaí agus/nó le teaghlaigh agus, mar gheall ar a gcuid cáilíochtaí, oiliúna agus/nó fostaíochta, atá i riocht cuidiú ar bhealach príomhthábhachtach le leanaí a chosaint ar dhíobháil. Áirítear ar na daoine sainordaithe daoine den lucht gairme a oibríonn le leanaí in earnálacha an oideachais, na sláinte, na hóige agus an chúraim leanaí. Is daoine sainordaithe freisin daoine áirithe den lucht gairme nach móide gur le leanaí go díreach atá siad ag obair, mar shampla, daoine atá i mbun obair chomhairleoireachta nó shíciatrachta maidir le daoine fásta. Áirítear ar an liosta freisin cúramóirí cláraithe altramais agus daoine den chléir nó oibrithe tréadchúraim le heaglais nó pobal reiligiúin eile.

Is féidir le haon bhall den fhoireann ar mian leis/léi a dheimhniú más duine sainordaithe é/í faoin Acht um Thús Áite do Leanaí liosta iomlán na ndaoine a rangaítear ina ndaoine sainordaithe faoin Acht a cheadú in Aguisín 2 le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*.

## 5. Cód Cleachtais do bhaill na foirne

### Cleachtais Oibre a Mholtar – Déantar

Éilítear ar an lucht foirne déanamh de réir na ndea-chleachtas oibre seo a leanas d'fhonn a chinntiú go mbíonn gach leanbh sábháilte agus gur chun tairbhe dóibh a théann an caidreamh a bhíonn acu leis an Roinn, cibé comhthéacs a bhaineann leis. Ní mór don uile bhall foirne, a mbíonn caidreamh acu le leanaí mar chuid den lá oibre, glacadh le cur chuige le meon atá dírithe ar an leanbh.

Tábla 2: Cleachtais Oibre a mholtar mar bhonn treise faoi Chur Chuige atá Dírithe ar an Leanbh

| |
|---|
| • Bíodh tús áite i gcónaí ag leas agus sábháilteacht an linbh<br>• Caitear le meas agus le dínit le gach leanbh agus duine óg, go cothrom agus |

mar dhuine ann féin

- Bíodh páirt ag leanaí agus ag daoine óga i ndéanamh na gcinntí de réir mar is cuí
- Baintear leas as foclaíocht oiriúnach agus bítear airdeallach ó thús deireadh maidir le cineál do chuid cainte agus na tuairimí a luaitear. Má mheastar go bhféadfadh gur ghoill aon ní a dúirt tú ar leanbh nó ar dhuine óg, féachtar leis an scéal a chur ina cheart ar bhealach tuisceanach
- Bíodh meas ar spás pearsanta an linbh nó an duine óig
- Tugtar dea-shampla agus cothaítear iontaoibh ag daoine as a chéile
- Bítear eolasach tuisceanach maidir le teorainn le hacmhainn an linbh nó an duine óig, mar gheall ar chúrsaí sláinte nó deacrachtaí foghlamtha mar shampla
- Tugtar spreagadh agus cúnamh do leanaí agus cuirtear comhairle mholtach thairbheach orthu seachas cáineadh a dhéanamh
- Cinntítear iompar ar bith a bheadh contúirteach a sheachaint nó a stopadh
- Cinntítear sonraí pearsanta maidir le leanaí a choinneáil faoi rún
- Breactar tuairisc i scríbhinn maidir le haon ghortú a tharlaíonn do leanbh, chomh maith le sonraí faoi aon chóir leighis a cuireadh air/uirthi.

Cinntítear soiléire maidir leis na modhanna cumarsáide atá ar fáil agus an teacht atá ar bhaill den fhoireann sa chás gur mian le tuismitheoir/caomhnóir nó le leanbh/duine óg ábhar buartha a chur in iúl má bhíonn siad míshásta faoi ní ar bith.

**Iompar nach gCeadaítear - Ná Déantar**

Cé go dtuigtear gur cuí i gcásanna áirithe go mbeadh duine den fhoireann ag obair le leanbh nó le duine óg as/aisti féin, níor cheart d'aon duine den fhoireann iomarca ama a chaitheamh as/aisti féin le haon leanbh/duine óg amháin. Sa chás gur gá do dhuine fásta labhairt le leanbh/duine óg as/aisti féin, is ceart an doras a fhágáil ar oscailt agus an dara duine fásta a chur ar an eolas faoin gcruinniú.

Níor cheart go dtarlódh aon teagmháil fhisiceach nach gá ag ball den fhoireann le duine óg, cé go dtarlaíonn ó am go chéile go n-oireann, mar shampla, lámh a leagan ar ghualainn ar leanbh/duine óg atá trína chéile ar mhaithe le sólás/misneach a thabhairt don duine óg. Níor cheart go dtarlódh teagmháil fhisiceach ach amháin ag fónamh do riachtanais an linbh agus ba cheart go mbeadh cineál na teagmhála cuí oiriúnach maidir le haois agus leibhéal forbartha an linbh. Go ginearálta, ba cheart toiliú an linbh le teagmháil fhisiceach a dheimhniú (ach amháin i gcás éigeandála nó contúirte).

Níor cheart do dhuine den fhoireann duine óg a thabhairt ar thuras, mar shampla i gcarr, gan duine eile ina gcuideachta. Sa chás nach féidir sin a sheachaint, ba cheart go mbeadh toiliú iomlán na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí agus toiliú bhall sinsearach den fhoireann leis agus is ceart iadsan a choinneáil ar an eolas.

Níor cheart do bhall foirne caidreamh a chothú, le teachtaireacht téacs, Facebook ná cineál ar bith de na meáin shóisialta, le leanbh lenar buaileadh mar gheall ar an obair. Is ceart glaonna teileafóin ar fón póca pearsanta a sheachaint chomh maith.

Tábla 3: Iompar nach gCeadaítear agus déileáil á dhéanamh le Leanaí

- Ná húsáidtear agus ná ceadaítear gothaí ná caint atá déistineach ná gáirsiúil
- Ná dírítear ar aon leanbh/duine óg faoi leith maidir le fabhar éagothrom, cáineadh, fonóid, aird ná aire nach mian leis an leanbh/duine óg
- Ná ceadaítear agus ná tugtar faoi theagmháil mhíchuí de chineál ar bith

- Ná buailtear leanbh/duine óg agus ná ceartaítear leanbh/duine óg le gothaí ná gníomhartha bagracha
- Ná fágtar leanaí gan aire ná maoirseacht
- Ná himrítear tionchar míchuí ar leanbh ar mhaithe le tairbhe nó buntáiste pearsanta duit féin.
- Ná ligtear do líomhaintí arna ndéanamh ag leanbh imeacht gan aird agus taifeadadh
- Ná déantar/seoltar agus ná glactar le glao/téacs príobháideach an tráth a bhfuiltear i bhfeighil beartaíocht leanaí
- Ná téitear i gcuideachta linbh isteach chuig áiseanna leithris

Sa chás nach ndéantar de réir na treorach seo, d'fhéadfadh go measfaí gur sárú sin ar an gCód Cleachtais agus d'fhéadfadh imeachtaí smachtaithe agus/nó imeachtaí coiriúla a theacht dá bharr. Is ceart d'aon bhall foirne a thugann mí-iompar ag oifigeach de chuid na Roinne i ndáil le leanbh faoi deara atá ina ábhar buartha sin a chur in iúl, tríd an mbainisteoir líne nó don Oifigeach Caidrimh Ainmnithe go díreach (Féach thíos).

## 6. Comhairle maidir le Cúrsaí Praiticiúla ag Déileáil le Leanaí

**a) Sa chás go dtarlaíonn timpiste do leanbh (nó do dhuine fásta) atá faoi chúram na Roinne**

Sa chás go dtarlaíonn timpiste do leanbh (nó do dhuine fásta) atá faoi chúram na Roinne, is tábhachtach an rud, ní hamháin déileáil leis an gcás le barr inniúlachta, ach cuntas agus tuairisc chruinn a choinneáil ar an eachtra. Is ceart déanamh mar seo a leanas:

- Más féidir ar chor ar bith, ba cheart go bhfanfadh beirt daoine fásta in éineacht leis an leanbh gortaithe. D'fhéadfadh, os a choinne sin, go mbeadh gá leanaí eile a thabhairt chun bealaigh ó láthair na timpiste agus nach féidir i ngach cás beirt daoine fásta a choinneáil ar an láthair sin.
- Ba cheart cóir Gharchabhrach a chur ar an othar de réir mar is cuí má tá duine ar fáil atá inniúil chuige sin agus, ba den dhea-chleachtas, más féidir, sin a dhéanamh leis an dara duine fásta i láthair. Más gá é, ba cheart fios a chur ar otharcharr nó ar sheirbhís éigeandála eile, mar shampla seirbhís tarrthála aille nó sléibhe (999 nó 112 na huimhreacha). Chomh mór agus is féidir sin, ní mór don té a chuireann fios ar sheirbhís cúnta oiread faisnéise agus is féidir a chur ar fáil go gonta mionchruinn do na seirbhísí éigeandála, mar shampla cineál an ghortaithe agus eolas maidir le sláinte an té a gortaíodh. Is ceart don té a chuireann an glao sin fanacht in aice leis an bhfón go dtí go nglaoitear ar ais ag deimhniú go bhfuil cúnamh á iarraidh. Ní mór do bhaill na foirne a bheith ar an eolas gach tráth faoin áit a bhfuil an fón is cóngaraí dóibh. Sa chás go mbítear ag dul san áit nach bhfuil fón gar do láthair, ní mór fón póca nó gaireas raidió a bheith ar iompar.
- A luaithe a chuirtear cóir ar an othar agus/nó a thugtar an t-othar chun bealaigh in otharcharr, ní mór scéal a chur chuig na tuismitheoirí/cúramóirí. Is iondúil gur tríd an scoil nó eagraí beartaíochta a dhéantar sin.
- Ní mór tuairisc mhionsonraithe a chur faoi bhráid cheannasaí an Bhrainse gan mhoill tar éis d'eachtra den sórt seo tarlú. Ní mór cóip den tuairisc ar an timpiste a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe thar ceann na Roinne. Is ceart cóip den tuairisc ar an timpiste/eachtra a chur faoi bhráid Aonad Sláinte & Sábháilteachta na Roinne freisin ar an ngnáthbhealach.

**b) Sa chás go dtéann Leanbh amú / go bhfágtar Leanbh gan aire**

Sa chás go dtagtar ar leanbh a bhí imithe amú nó sa chás go bhfágtar leanbh gan aire ar cheann ar bith de shuíomhanna na Roinne, cloífidh baill na foirne leis an nós imeachta seo a leanas:

- Sa chás gur duine den ghnáthphobal, gan aon cheangal leis an Roinn, a thagann ar an

leanbh, is ceart don bhall foirne glacadh le cúram an linbh agus oiread mioneolais agus is féidir a fháil ón té a tháinig ar an leanbh, sonraí comhfhreagrais an duine sin san áireamh.

- Cuirtear an leanbh ar a s(h)uaimhneas agus faightear oiread eolais agus is féidir faoin leanbh:
  - Ainm an Linbh;
  - Aois an Linbh;
  - Seoladh / Ainm na Scoile;
  - Cur síos ar chruth agus ar chuma an linbh (Airde, dath gruaige, éadach etc.);
  - An áit inar thángthas ar an leanbh.
- Moltar go gcoinnítear an leanbh an t-am ar fad i gcuideachta ar a laghad aon bhall amháin den fhoireann agus ar a laghad beirt daoine fásta. Ní hé is inmholta go mbeadh aon bhall foirne amháin as/aisti féin leis an leanbh. Mar sin féin, tuigtear nach féidir sin a sheachaint i ngach uile chás.
- Déantar gach dícheall príomhchúramóir an linbh a aimsiú trí chúnamh a iarraidh ar dhaoine eile atá i láthair nó trí chóras fógraí a úsáid má tá a leithéid ar fáil.
- Sa chás nach dtagann aon duine ag iarraidh an linbh, is ceart scéal a chur ar an gcéad dul síos chuig an nGarda Síochána, agus an Bainisteoir Líne agus an Leasbhainisteoir Réigiúnach nó an Bainisteoir Réigiúnach, de réir mar is cuí (nó oifigeach i ngrád bainistíochta ar comhchéim leo sin), a chur ar an eolas gan mhoill. Líontar amach tuairisc iomlán faoin eachtra agus breactar síos i scríbhinn eolas faoin duine a tháinig ar an leanbh a bhí imithe amú. Tugtar an tuairisc seo don Bhainisteoir Líne agus seoltar cóip freisin chuig an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe lena choimeád.

### c) Sa chás go gcuirtear in iúl go bhfuil Leanbh ar iarraidh

- Sa chás go gcuireann duine in iúl go bhfuil leanbh ar iarraidh, gheobhaidh an ball foirne dá gcuirtear sin in iúl na sonraí seo a leanas: Ainm an Linbh;
  - Aois an Linbh;
  - Seoladh / Ainm na Scoile;
  - Cur síos ar chruth agus ar chuma an linbh (Airde, dath gruaige, éadach etc.);
  - An áit ina bhfacthas an leanbh go deireadh;
  - An tráth a bhfacthas an leanbh go deireadh.
- Ní mór an bainisteoir líne a chur ar an eolas gan mhoill agus gach ball foirne ar an láthair a chur ar an eolas ionas go ndéantar gach áit ar an láthair a sheiceáil go cúramach, leithris, oifigí agus bealaí amach san áireamh.
- A luaithe a bhíonn seiceáil oiriúnach déanta, mura dtagtar ar an leanbh, is ceart dul i mbun caidrimh leis an nGarda Síochána gan mhoill chomh maith leis an mbainisteoir líne cuí. I gcásanna faoi leith, d'fhéadfadh gur chóir lucht tarrthála aillte nó sléibhe a chur ar an eolas.
- Breacann an ball foirne dá dtugtar an chéad tuairisc go bhfuil leanbh ar iarraidh ráiteas i scríbhinn maidir lena dtarlaíonn. Tugtar an ráiteas seo don Bhainisteoir Líne agus seoltar cóip freisin chuig an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe lena choimeád.

### d) Treoirlínte maidir le Grianghraif a Thógáil de Leanaí

D'fhonn an dóigh a dtarlódh úsáid mhíchuí as grianghraif de leanaí a mhaolú, déanfaidh na baill foirne de réir na dtreoirlínte seo a leanas maidir le grianghraif a thógáil de leanbh:

- Iarrfar cead roimh ré ón múinteoir/cúramóir agus ó gach leanbh faoi leith sa chás gur mian grianghraif a thógáil. Má tharlaíonn gur mian leis an Roinn leas a bhaint as grianghraf de leanbh ar bith ar mhaithe le cúrsaí bolscaireachta nó poiblíochta, tiocfar i mbun caidrimh ar dtús le tuismitheoirí an linbh (tríd an scoil, club nó eagraíocht eile) agus gheofar cead i scríbhinn chuige sin ar an ngnáthfhoirm thoilithe (Féach Aguisín 6).
- Ní thógfaidh baill foirne grianghraf de leanbh ar aon chúis seachas cúis oifigiúil shonraithe.
- Ní dhéanfar ainm a lua le haon leanbh a fheictear in aon ghrianghraf bolscaireachta.
- Ní thabharfar aon phictiúr de leanbh san áireamh maidir lena úsáid ach amháin grianghraf ina bhfuil an leanbh gléasta go cuí.
- Ní mór úsáid mhíchuí as pictiúr de leanbh a chur in iúl don Oifigeach Caidrimh Ainmnithe agus measfar gur sárú an úsáid sin ar Chód Cleachtais na Roinne a bhféadfadh imeachtaí smachtaithe agus imeachtaí coiriúla a theacht dá bharr.

## 7. Polasaithe na Roinne maidir le Cosaint Leanaí a chur i bhFeidhm

Tá na polasaithe agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa cháipéis seo i bhfeidhm i ndáil le gach duine den fhoireann. Ba chóir, dá réir sin, go dtógfadh gach ball foirne an t-am is gá chun eolas a chur ar a bhfuil sa Ráiteas maidir le Sábháilteacht Leanaí agus sa Pholasaí seo. Tá de fhreagracht go sonrach ar na bainisteoirí líne, tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, a chinntiú go bhfuil gach ball foirne a n-éilítear go mbeadh caidreamh le leanaí acu i mbun a gcuid oibre ar an eolas go hiomlán faoina leagtar de fhreagracht orthu agus go dtapaítear deiseanna oiliúna de réir mar is cuí. Tuigtear go bhfuil réimsí áirithe d'obair na Roinne ar mó agus ar minice a thiocfadh ceisteanna maidir le cosaint leanaí i gceist leo seachas réimsí eile. Tugtar níos mó eolais thíos maidir leis na réimsí sin:

### 7.1 Coláistí Gaeilge sa Ghaeltacht

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán atá freagrach as an riarachán maidir le Coláistí Gaeilge sa Ghaeltacht agus as polasaithe a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm ionas go gcinntítear ardchaighdeáin maidir leis an gcóras go huile agus go hiomlán. Dá réir sin, ní mór do dhuine ar bith nó do ghrúpa ar bith a mbeadh de rún acu Coláiste Gaeilge a reáchtáil sa Ghaeltacht faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge cur isteach ar aitheantas oifigiúil ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Bíonn ar na coláistí a léiriú, sular féidir aitheantas oifigiúil a fháil, go bhfuil Polasaí docht daingean maidir le Cosaint Leanaí aontaithe agus á chur i bhfeidhm, go bhfuil comharthaí feiceálacha ina leith sin crochta sna hionaid ina n-oibríonn an coláiste agus go bhfuil baill áirithe den fhoireann ainmnithe chun déileáil le cúrsaí maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí agus an oiliúint chuí curtha ar na baill foirne sin. Ní mór do choiste stiúrtha an choláiste a chinntiú chomh maith go gcloítear le hábhar treorach *Tús Áite do Leanaí* i rith an chúrsa. Tá Treoirlínte Ginearálta maidir le sábháilteacht agus cosaint leanaí/déagóirí, le linn dóibh a bheith faoi choimirce Choláiste Gaeilge, leagtha amach ag Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh (CONCOS) – scátheagraíocht na gColáistí Gaeilge. Tá aitheantas ag CONCOS maidir le cur isteach ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i ndáil le gach ball foirne de chuid Choláiste Gaeilge. Cuirtear iarratas faoi bhráid an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin i ndáil le gach ball foirne de chuid Choláiste Gaeilge agus gach duine den teaghlach a bhaineann le hábhar mar gheall ar pháirt a ghlacadh sa scéim.

### 7.2 Scéim Tacaíochta Gaeilge

Leanfaidh an Roinn ag cuidiú leis na teaghlaigh sin sa Ghaeltacht a choinníonn foghlaimeoirí ar lóistín. Tá a leagtar de dhualgas orthu maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí curtha in iúl i scríbhinn do na teaghlaigh sin a bhfuil aitheantas acu faoi láthair agus cuirfear fógra i scríbhinn faoin dualgas atá orthu ar fáil do theaghlach nua an tráth a dtagann iarratas ar aitheantas. CONCOS an comhlacht aitheanta trína ndéantar iarratais ar ghrinnfhiosrúchán de chuid an Gharda Síochána. Cuirtear iarratas faoi bhráid an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin i ndáil le gach ball foirne de chuid Choláiste Gaeilge agus gach duine den teaghlach a bhaineann le hábhar mar gheall ar pháirt a ghlacadh sa scéim. Bíonn cosaint leanaí ina chuid de chúrsa oiliúna a chuirtear ar fáil do dhuine amháin ar a laghad de gach teaghlach. Ceanglaítear ar na Coláistí, arb iad atá freagrach as na teaghlaigh seo a earcú, nósanna imeachta atá docht daingean a bheith ar bun acu maidir le maoirseacht agus monatóireacht i ndáil le cosaint na leanaí a thagann faoi chúram na dteaghlach. Leanfar d'athbhreithniú agus de leasú a dhéanamh de réir mar is cuí ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta na Roinne chomh maith leis an gcuid sin de na rialacha maidir le haitheantas do Choláistí Gaeilge a bhaineann le sábháilteacht na leanaí.

### 7.3 Scéimeanna Maoinithe agus Scéimeanna Deontais

Cuireann an Roinn deontais ar fáil freisin do dhaoine, do chomhlachtaí agus do ghrúpaí, a mbíonn cuid mhaith acu ag cur seirbhísí ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga. Ceanglaíonn an Roinn ar ghrúpaí a mbíonn a plé le leanaí nó le daoine óga nó a bhfuil caidreamh acu leo, mar choinníoll maoinithe, go gcloítear le *Tús Áite do Leanaí- Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* agus tá nósanna imeachta curtha ar bun ionas go gcinntítear fianaise ar a leagtar amach in *Tús Áite do Leanaí* a bheith á chomhlíonadh go cuí in eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú faoi scéimeanna de chuid na Roinne.

Bíonn ar iarratasóirí maidir le maoiniú ón Roinn a thabhairt le fios an mbaineann obair nó beartaíocht lena gcuid oibre/seirbhísí, ar gné riachtanach rialta de go mbítear in éineacht nó i dteagmháil le leanaí, nó arb é a bhaineann le gníomhaíochtaí oideachais, taighde, oiliúna, cultúir, caithimh aimsire, fóillíochta, sóisialta nó fisiciúla a chur ar fáil do leanaí, nó comhairle a chur ar leanaí nó aire agus maoirseacht do leanaí a chur ar fáil.

Sa chás go luann an t-iarratasóir go dtarlaíonn go deimhin go mbaineann ceann de na critéir a leagtar amach thuas leis an obair/seirbhís, ceanglaítear ar an iarratasóir an liosta seiceála a thugtar in Aguisín 8 a líonadh amach, liosta trína bhfiosraítear an bhfuil na príomhghnéithe a luann TUSLA a bheith bunriachtanach maidir le polasaí atá sásúil faoi Thús Áite do Leanaí, ag baint le Polasaí an iarratasóra maidir le Cosaint Leanaí. Sa chás go mbeadh aon ghné faoi leith in easnamh sa Pholasaí maidir le Cosaint Leanaí, éilítear ar an iarratasóir a thabhairt le fios cathain a chuirfear an cás sin ina cheart d'fhonn beart oiriúnach ina leith sin ag an Roinn. Is féidir diúltú maoiniú a cheadú nó maoiniú a tharraingt siar sa chás nach sásaítear coinníollacha den sórt sin.

## 8. Drochúsáid Linbh a Thabhairt chun Suntais

Is ceart i gcónaí Tusla a chur ar an eolas nuair a bhíonn cúis réasúnta le hábhar buartha gur tharla drochúsáid nó faillí maidir le leanbh, go bhfuil sin ar siúl faoi láthair nó go bhfuil baol go dtarlóidh sé. Má dhéantar neamhaird ar chomharthaí a bhféadfadh gur comharthaí sóirt drochúsáide iad, d'fhéadfadh díobháil leanúnach don leanbh a theacht dá bharr. Ní gá cruthúnas gur tharla drochúsáid chun ábhar buartha a chur in iúl do Tusla. Foras réasúnta le hábhar buartha an méid a theastaíonn. Is ar Tusla a leagtar an t-ábhar buartha a chuirtear in iúl a mheas. Sa chás go gcuireann tú ábhar buartha in iúl, is féidir a bheith deimhin de go ndéanfar an t-eolas a mheas go cúramach le heolas eile a bhíonn ar fáil agus go ndéanfar measúnacht maidir le cosaint linbh sa chás go

sonraítear baol leordhóthanach chuige sin.

Áirítear le forais réasúnta le hábhar buartha maidir le cosaint leanaí nó leas leanaí:

- Fianaise, gortú nó iompar mar shampla, a bheadh ag teacht le cás drochúsáide agus nach dócha gur ar bhealach ar bith seachas sin a tharla sé
- Ábhar buartha de chineál ar bith maidir le drochúsáid ghnéis
- Comharthaí leanúnacha go bhfuil faillí mhothúchánach nó fhisiceach á fulaingt ag an leanbh
- Ráiteas nó comhartha eile ó leanbh gur tharla drochúsáid dó nó di
- Admháil nó comhartha eile ó dhuine fásta nó ó leanbh maidir le drochúsáid a dhéanamh
- Cuntas ó dhuine a chonaic drochúsáid á imirt ar leanbh

**Tá eolas breise faoina dtagann san áireamh le Drochúsáid Linbh, a thabhairt chun suntais agus tuairisc a thabhairt ina leith ar fáil i gCaibidil 2 de** *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*.

**Faisnéis a bhreacadh**

Má bhítear in amhras maidir le drochúsáid tarlú, is tábhachtach an rud na cúiseanna le hábhar buartha a leagan amach trí oiread mioneolais agus is féidir a fháil. Is ceart cuntas cruinn a choinneáil ar nithe a thugtar chun suntais agus áirítear ar chineálacha na faisnéise, an dáta, an tráth de lá, ainmneacha, ionad, comhthéacs agus aon eolas eile a bhainfeadh le hábhar. Is ceart an fhaisnéise seo a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe a luaithe is féidir agus gan moill ar bith. Déanfaidh an tOifigeach Caidrimh Ainmnithe aon bheart breise dá réir is gá a dhéanamh. Coinneoidh na hOifigigh Caidrimh Ainmnithe na taifid go lárnach.

Sa chás go mbeadh cás ina ábhar buartha ag duine den fhoireann nach leor, mar aon chás amháin ann féin, mar fhoras réasúnta le hábhar buartha ach a bheadh, ar a thabhairt san áireamh in éineacht le tosca eile le himeacht aimsire, ina chúis le hábhar buartha maidir le cosaint linbh nó leas linbh, is ceart don bhall foirne an cás a chur faoi bhráid dhuine d'Oifigigh Caidrimh Ainmnithe na Roinne a choinneoidh na taifid ina leith agus a thabharfaidh an cás faoi bhreithniú i gcomhairle le Tusla de réir mar is cuí.

## 9. Déileáil le Nochtadh maidir le Drochúsáid Linbh

Sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, is é is dócha gur sa chás go gcuirfeadh leanbh cás drochúsáide in iúl dúinn is mó an seans go dtiocfadh muintir na Roinne ar an eolas faoi chás dá shórt. Is de bhunriachtanas go bpléann an ball foirne atá i gceist go tuisceanach agus le barr gairmiúlachta lena leithéid de chás. Seo a leanas treoirlínte d'fhonn cuidiú leis an mball foirne i mbun an ghnó sin:

Tábla 4: Na bearta le déanamh sa chás go n-insítear duit faoi Dhrochúsáid Linbh

1) Coinnigh chomh ciúin staidéarach agus is féidir.
2) Cuimhnigh go bhfuil muinín asat agus gur dócha gur maith leis an leanbh thú, nó ní dócha gur chugat a thiocfaí leis an scéal. Coinnigh guaim ort féin.
3) Bí tuisceanach airdeallach faoina dheacra a bheadh sé ag an leanbh/duine óg eolas mar seo a chur in iúl.
4) Ná dearmad go bhféadfadh gur ag seiceáil mar a ghlacfaidh tú leis an scéal atá an leanbh nó an duine óg ar dtús, agus nach móide go gcuirfidh sé/sí an scéal iomlán in iúl gan bhac go fóill.
5) Tabhair aird ar a bhfuil le rá ag an leanbh/duine óg. Tabhair deis agus seans don leanbh/duine óg oiread agus is féidir nó is mian leis/léi a chur in iúl.
6) Ná cuir brú ar an leanbh/duine óg. Lig dó/di an scéal a chur in iúl de réir mar is toil leis/léi féin ó thaobh ama agus rogha foclaíochta.
7) Ná bíodh aon chomhartha déistine, feirge ná amhrais le sonrú ort.
8) Glac lena bhfuil á rá ag an leanbh/duine óg – ní minic a tharlaíonn nochtadh bréige ina leithéid de chás.
9) Is tábhachtach an rud dealú idir an té a d'imir drochúsáid agus an gníomh drochúsáide féin. Is mór an seans gur duine an té a líomhnaítear air/uirthi an drochobair a bheith déanta aige/aici a bhfuil an leanbh/duine óg ceanúil air/uirthi cé nach dtaitníonn an gníomh a rinneadh leis an leanbh/duine óg. Is den tábhacht dá bharr sin go seachnaítear aon bhreith a thabhairt ar an té a líomhnaítear an gníomh air/uirthi, ná fearg a léiriú, an tráth a bhfuiltear ag comhrá leis an leanbh/duine óg.
10) D'fhéadfadh gur ghá a dheimhniú don leanbh/duine óg nach bhfuil aon athrú ar an meas atá agatsa air/uirthi ná toradh chun dochair de chineál ar an gcaidreamh eadraibh mar gheall ar a bhfuil curtha in iúl.
11) Dearbhaigh don leanbh/duine óg, go mbíonn sé/sí ar a suaimhneas mar gheall air, go bhfuil an ceart déanta aige/aici agus labhairt leat.
12) Déan iarracht 'rúndacht nach ceilte' a thabhairt i gcrích sa chaoi agus go mbíonn amharc ag daoine eile ort ag comhrá leis an leanbh ach nach féidir le haon duine an chaint atá idir an bheirt agaibh a chloisteáil
13) Ná tugtar geallúint aon ní a choinneáil ina rún; agus ná tugtar aon gheallúint eile ach oiread
14) Ná cuir aon cheist ach amháin ar mhaithe le soiléiriú a fháil agus ná cuir aon treoircheist a bheadh dírithe ar fhreagra áirithe a spreagadh
15) Déan athsheiceáil leis an leanbh/duine óg go bhfuil an scéal cloiste i gceart agat agus foclaíocht an linbh/an duine óig tuigthe go cruinn agat
16) A luaithe is féidir, breac síos cuntas i scríbhinn ar an uile ní a dúradh, le tuairisc chomh mion agus is féidir ar an gcomhrá. Cuir do shíniúchán agus an dáta leis an gcuntas Bí cinnte go dtuigeann an leanbh/an duine óg na nósanna imeachta a leanfar
17) Bí macánta leis an leanbh faoinar féidir a dhéanamh agus faoi nithe nach féidir a dhéanamh. Mínigh nach féidir cás den sórt seo a choinneáil ina rún agus tabhair eolas faoi na bearta a leanfaidh an ceann seo
18) Ná tabhair faoin té a líomhnaítear an drochobair a bheith déanta aige nó aici
19) Tabhair an t-eolas don Oifigeach Caidrimh Ainmnithe Oifigeach, ná féach le déileáil leis an bhfadhb asat féin
20) Is ceart gach beart ach sin thuas a dhéanamh chomh luath agus is féidir gan dochar do chríochnúlacht an phróisis.

**Má tá duine in amhras gur tharla drochúsáid, nó má chuirtear in iúl do dhuine gur tharla drochúsáid, tá aon ní amháin nach gceadaítear - neamhghníomh.**

## 10. Tuairisc a thabhairt ar ábhar amhrais nó eolais maidir le drochúsáid linbh

*Is féidir achoimre mar seo a leanas a thabhairt ar na bunphrionsabail maidir le tuairisc a thabhairt ar dhrochúsáid nó ar fhaillí i gcás linbh:*

1. *Ní mór tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus do leas an linbh chun tosaigh ar aon imní faoi dhaoine fásta a ndéanfaí líomhaintí ina gcoinne*
2. *Ní mór tuairisc ar ábhar buartha a thabhairt gan mhoill do Tusla*

Tá de fhreagracht agus de dhualgas cúraim ar aon duine atá in amhras maidir le drochúsáid a tharla, atá ag tarlú nó a bhfuil baol go dtarlódh sé, tuairisc ar an ábhar buartha sin a thabhairt do Tusla, go díreach nó trí Oifigeach Caidrimh Ainmnithe. Is ceart ábhar buartha maidir le baol do leanaí a bheith i gceist le duine faoi leith, fiú sa chás nach féidir leanaí sonracha a lua, a chur in iúl do Tusla, go díreach nó trí Oifigeach Caidrimh Ainmnithe.

Tá nós imeachta caighdeánach tuairiscithe leagtha amach ag an Roinn chun déileáil le nochtadh, le hábhar buartha nó le líomhaintí maidir le drochúsáid linbh. Tá eolas breise faoi thuairisc a thabhairt ar ábhar buartha maidir le leanbh ar fáil i gCaibidil 2 de ***Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí***.

**Tábla 5: An Nós Imeachta Caighdeánach Tuairiscithe**

1. Is ceart don fhostaí a ndéantar nochtadh maidir le drochúsáid linbh leis nó léi, nó ar ábhar buartha aige nó aici go bhféadfadh drochúsáid linbh a bheith i gceist, sin a chur in iúl gan mhoill do dhuine den bheirt Oifigeach Caidrimh Ainmnithe sa Roinn (nó, sa chás nach bhfuil duine de na hOifigigh Caidrimh Ainmnithe ar fáil, is ceart an cás a chur in iúl don Leasoifigeach Caidrimh Ainmnithe).

2. Éilítear ar an bhfostaí sin a chuireann ábhar buartha in iúl ar dtús, i gcomhar leis an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe, tuairisc a líonadh amach ina leagtar an cás amach go hiomlán, tuairisc ar an dáta, an tráth de lá agus na daoine a bhí i gceist san áireamh. I bhfoirm fíricí is ceart an tuairisc a thabhairt. Is ceart a lua nuair is ábhar tuairimíochta atá á thabhairt agus bonn fíricí leis an tuairim a lua. Is ceart úsáid a bhaint as Foirm Chaighdeánach Thuairiscithe agus ábhar buartha maidir le leas linbh nó cosaint linbh á chur in iúl do TUSLA. Tá an fhoirm chaighdeánach sin ar fáil ar Thairseach Tusla.
3. Déanfaidh an tOifigeach Caidrimh Ainmnithe an t-eolas a chuirtear ar fáil a mheas agus a bhreithniú ionas go gcinntítear gur tiomsaíodh an t-eolas ar fad a bhaineann le hábhar. Is féidir leis an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe labhairt gan mhoill le Tusla freisin maidir le comhairle neamhfhoirmeálta, nuair is gá sin, faoin líomhain, ábhar buartha nó nochtadh.
4. Déanfaidh an tOifigeach Caidrimh Ainmnithe ansin beart nó eile acu seo a leanas:
   a. Tuairisc faoin líomhain, ábhar buartha nó nochtadh a chur go foirmiúil faoi bhráid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA)
   nó
   b. Socrú gan tuairisc fhoirmiúil a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) ach taifead maidir leis an ábhar buartha a choimeád ar comhad. Déanfar na cúiseanna nach bhfuil tuairisc á tabhairt ar an líomhain, ar an ábhar buartha nó ar an nochtadh a bhreacadh go soiléir. Cuirfear in iúl i

scríbhinn don fhostaí a chuir an t-ábhar buartha in iúl ar an gcéad dul síos má shocraítear nach mbeidh tuairisc fhoirmiúil á cur faoi bhráid TUSLA agus go bhfuil de rogha aige/aici féin tuairisc fhoirmiúil a chur faoi bhráid an údaráis inniúil más é a t(h)uairim gur gá sin. Beidh feidhm le forálacha an Achta um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998.

**Ba cheart don uile dhuine den fhoireann a thabhairt chun aire:**

- Ní ar an gcéad duine a thagann trasna ar chás drochúsáide, ina ábhar líomhainte nó ina ábhar amhrais, atá de chúram a shocrú an ea gur tharla drochúsáid nó nár tharla. Is obair sin ag TUSLA agus ag an nGarda Síochána. Níor cheart, in aon chás, go bhféachfadh ball foirne le déileáil le fadhb dhrochúsáide ina (h)aonar.

- Sa chás go gcuirtear tuairisc fhoirmiúil faoi bhráid, is dócha go mbeidh TUSLA ag iarraidh labhairt leis an té a thug an chéad tuairisc d'fhonn soiléiriú maidir leis na fíricí agus leis an gcaoi inar tharla an tuairisc a chur ar fáil ar dtús.

- Tá na pointí comhfhreagrais maidir le hobair shóisialta Tusla ar fáil ar thairseach Tusla. Tá na sonraí comhfhreagrais sin ar fáil, nach amháin ar mhaithe leis an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe, ach ar mhaithe le daoine eile freisin sa chás nach bhfuil teacht ar an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe nó ar Leasoifigeach Caidrimh Ainmnithe.

- Tá deis ar Thairseach Tusla ag an lucht úsáide Foirm Thuairisce maidir le Cosaint agus Leas Leanaí (WRF) agus Foirm maidir le Tuairisc Atrátha ar Dhrochúsáid (RARF) a chur faoi bhráid Tusla ar bhealach slán sábháilte ar líne. Sa chás nach féidir leat déanamh de réir nós imeachta caighdeánach tuairiscithe mar a leagtar amach thuas agus gur gá leas a bhaint as Tairseach Tusla, beidh ort cuntas úsáideora a chruthú ar dtús. Tar éis duit an Tuairisc a líonadh amach agus a chur faoi bhráid ar Thairseach Tusla, is féidir cóip a phriontáil agus a choinneáil ar chomhad de do chuid féin. Tá breis eolais ar fáil ón Oifigeach Caidrimh Ainmnithe nó ar líne ar Thairseach Tusla.

**Más dóigh leat go bhfuil leanbh i gcontúirt láithreach nuair nach bhfuil ar do chumas labhairt leis an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe ná le Tusla, is ceart duit na Gardaí a chur ar an eolas gan mhoill.**

**Cásanna nach dtuairiscítear do TUSLA ná don Gharda Síochána**

Sa chás go socraíonn an Roinn gan tuairisc ar ábhar imní a thabhairt don Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh ná don Gharda Síochána, tabharfar míniú soiléir i scríbhinn don fhostaí nó don oibrí deonach a chuir an t-ábhar buartha in iúl ar na cúiseanna nach bhfuil tuairisc mar sin á tabhairt ag an Roinn. Cuirfear de chomhairle ar an bhfostaí nó ar an oibrí deonach, más ábhar buartha an cás i gcónaí aige/aici, go bhfuil lánchead, ina d(h)uine neamhspleách, dul i gcomhairle le TUSLA nó leis an nGarda Síochána nó tuairisc a chur faoina mbráid. Beidh feidhm le forálacha an Achta um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998 ach an chumarsáid a bheith á déanamh 'go réasúnach agus de mheon macánta'.

**Nochtadh Atrátha a dhéanann Duine Fásta**

Tá ardú ar líon na ndaoine fásta a nochtann drochúsáid a tharla i rith bhlianta na hóige. Sa chás gur eol ainm an té ar a líomhnaítear an drochúsáid nó ainm an té ar ar imríodh an drochúsáid sin, is ceart don tseirbhís dul i gcomhairle le TUSLA agus an cheist maidir le tuairisc a thabhairt, nó a mhalairt, a phlé. Nuair is cuí sin, ba cheart tuairisc a thabhairt do TUSLA gan mhoill, go díreach nó tríd an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe.

## 11. Rúndacht

Ní sháraíonn ceisteanna rúndachta an ceart atá ag an leanbh ar chosaint. Beidh tús áite ar gach ní eile ag leas an linbh. Níl sárú rúndachta, ná sárú ar an dlí maidir le cosaint sonraí, i gceist le heolas a chur ar fáil a fhónann maidir le leanbh a chosaint.

Dá réir sin, nuair atá drochúsáid linbh i gceist, ní féidir le fostaí a gheallúint go gcoinneofar faoi rún aon eolas a chuirtear in iúl. Is ceart a mhíniú don duine óg nach féidir an t-eolas sin a choinneáil faoi rún ach nach ndéanfar a insint ach amháin dóibh siúd is gá a chur ar an eolas.

Is den bhunriachtanas go gcloítear le rúndacht mar bhunphrionsabal maidir le tuairisc a thabhairt ar aon chás ina líomhnaítear nó ina meastar go bhfuil drochúsáid i gceist. Is ar bhonn 'gá a bheith ar an eolas' amháin is ceart eolas a chur in iúl agus ba cheart líon na ndaoine is gá a chur ar an eolas a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Is ceart beart a dhéanamh i gcomhréir le nósanna imeachta caighdeánacha Tusla sa chás go dtugtar tuairisc, gan ainm an tuairisceora ar fáil, ar ábhar buartha maidir le leanbh. Sa chás gur tríd an tríú páirtí a thugtar an tuairisc, is ceart a iarraidh ar an té a dhéanann idirghabháil socrú do theagmháil idir an té a thug tuairisc ar an gcéad dul síos ar an ábhar buartha agus Tusla. Má tharlaíonn, dá ainneoin sin, nach socraítear don teagmháil sin, ní mór an t-ábhar buartha a chuireann an tríú páirtí in iúl a chur in iúl do Tusla.

Coinneofar slán na taifid a bhaineann le hábhar buartha maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí. Is iad na hOifigigh Caidrimh Ainmnithe a dhéanfaidh iad a choimeád. Oibreoidh an Roinn i gcomhar le Tusla maidir le taifid a chur ar fáil sa chás go dtagann ceist maidir le leas leanaí nó cosaint leanaí chun cinn. Tá an Roinn dúthrachtach maidir le freastal ar chruinnithe foirmiúla faoi chosaint leanaí agus faoi leas leanaí arna n-eagrú ag Tusla i.e. Comhdhálacha agus Cruinnithe Straitéise maidir le Cosaint Leanaí agus maidir le heolas a chur i bpáirt acu sin.

**<u>An tAcht um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998</u>**

Déantar foráil leis an Acht seo do dhíolúine ó dhliteanas sibhialta, agus ó phionósú ag an bhfostóir, maidir le duine a thugann tuairisc maidir le drochúsáid linbh 'go réasúnta agus de mheoin mhaith' do na hOifigigh Sainordaithe sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach nó don Gharda Síochána. (Féach Aguisín 4.)

## 12. Líomhain ar bhall den Fhoireann i mbun dualgais:

Sa chás go ndéantar líomhain ar fhostaí, nó sa chás go bhfuil ball foirne in amhras faoin dara ball foirne i ndáil le mí-iompar nó drochúsáid maidir le leanbh, is é cosaint an linbh/an duine óig an príomhní atá le tabhairt i gceist. Is é is tábhachtaí ón tús a chinntiú nach bhfágtar leanbh ar bith i mbaol nach gá. Is ceart don Roinn, ar bhonn práinne, aon bheart cosanta is gá (Aguisín 3a) a dhéanamh. Ba cheart na bearta a bheith i gcomhréir leis an leibhéal baoil agus níor cheart go dtarlódh pionós míréasúnta ar an mball foirne, ó thaobh cúrsaí airgid nó eile, ach amháin mar is gá chun leanaí a chosaint. Sa chás gur pionós ar an mball foirne na bearta cosanta, is den tábhacht go ndéantar an cás a mheas go luath-thapaidh.

Sa chás go ndéantar gearán faoi bhall foirne maidir le drochúsáid, bainfidh dhá shruth leis na nósanna imeachta. Beidh an tuairisciú maidir le drochúsáid linbh ar aon dul le hAlt 11 thuas (ball foirne → Oifigeach Caidrimh Ainmnithe → Tusla). Mar sin féin, tarlóidh chomh maith, fiosrúchán

maidir leis an drochúsáid a líomhnaítear. D'fhéadfadh, go deimhin, go dtarlódh trí cinn de bhearta fiosrúcháin:

- fiosrúchán inmheánach
- fiosrúchán de chuid Tusla
- agus imscrúdú de chuid an Gharda Síochána faoin dlí coiriúil.

An Bainisteoir Acmhainní Daonna a rithfidh fiosrúchán na Roinne maidir le drochúsáid a líomhnaítear ar bhall den fhoireann. An Príomhoifigeach, AD, a chuirfidh an fiosrúchán seo ar bun agus pléifear go pras agus go cúramach leis an obair. Rachaidh an Rannóg AD i gcomhairle le Tusla agus leis an nGarda Síochána d'fhonn aon bhac neamhbheartaithe ar imscrúdú a sheachaint.

Is gá a choinneáil i gcuimhne go bhféadfaí líomhaintí míchearta nó mailíseacha a dhéanamh ar bhall foirne. Ní mór, dá bhrí sin, plé go staidéarach le haon líomhaintí drochúsáide agus is féidir cúnamh agus, más gá, comhairleoireacht a chur ar fáil. Cé gur gá cosaint an linbh a bheith ar an bpríomhchuspóir, ní mór a bheith cúramach agus cinntiú go bpléitear go cóir cothrom leis an bhfostaí.

A luaithe a dhéantar líomhain ar bhall den fhoireann, déanfar bearta mar seo a leanas:

1. Cuirfidh an ball foirne atá ag déanamh na líomhna tuairisc i scríbhinn ar fáil don Oifigeach Caidrimh Ainmnithe.
2. Déanfar de réir na nósanna imeachta tuairiscithe a leagtar amach in Alt 11 sna treoirlínte seo.
3. Cuirfidh an tOifigeach Caidrimh Ainmnithe an cás in iúl don Bhainisteoir AD. Beidh aird ag an mBainisteoir AD, i mbun beart a dhéanamh, ar na nósanna imeachta aontaithe, ar an gconradh fostaíochta atá i bhfeidhm agus ar rialacha an cheartais aiceanta.
4. Cuirfidh an Bainisteoir AD in iúl don fhostaí go príobháideach;
    (i) go ndearnadh líomhain air nó uirthi;
    (ii) cineál na líomhna.
5. Tabharfar deis don fhostaí freagra a thabhairt agus cuirfear an freagra sin faoi bhráid Tusla sa chás gur cuireadh tuairisc/go bhfuil tuairisc á chur faoi bhráid Tusla.
6. Déanfaidh an Bainisteoir AD, ar bhonn práinne, aon bheart cosanta is gá chun a chinntiú nach dtarlaíonn an leanbh a bheith i mbaol nach gá. Beidh na bearta sin i gcomhréir le cineál an bhaoil agus ní ghearrfar pionós míréasúnta, ó thaobh cúrsaí airgid nó eile, ar an bhfostaí.
7. Coinneoidh an Bainisteoir AD an obair ar siúl, i gcomhairle le Tusla agus/nó leis an nGarda Síochána, maidir leis an líomhain gur imir an fostaí drochíde ar leanbh agus cinnteoidh an Bainisteoir AD nach mbaineann aon bheart a dhéantar ó fhiosrúchán ar bith atá á dhéanamh ag Tusla nó ag an nGarda Síochána. Cuirfear tuismitheoirí an linbh atá i gceist ar an eolas a luaithe is féidir sin le haird an tráth céanna ar chearta an fhostaí a chosaint. Coinneoidh AD tuairisc ar chéimeanna uile an phróisis.

**Líomhain ar bhall foirne: Bearta Cosanta**

| |
|---|
| Go dtí go mbíonn toradh críochnúil ar an mbeart fiosrúcháin, is cóir don Roinn gach beart cosanta is gá a chur i bhfeidhm ionas go gcinntítear nach mbeadh leanaí á gcur i mbaol. Ní bearta araíonachta bearta cosanta den sórt sin ar a n-áireofaí:<br>• Maoirseacht ar leibhéal cuí a chur ar fáil;<br>• Athrú dualgais sa chaoi nach mbeadh an ball foirne ar a ndearnadh an líomhain i dteagmháil le leanaí/daoine óga;<br>• An ball foirne a shaoradh ar a c(h)uid dualgais, le pá. |

Ní ceart ball foirne a shaoradh ar a c(h)uid dualgais go dtí go mbíonn toradh an fhiosrúcháin ar eolas ach amháin i gcás eisceachta. Ba cheart a mhíniú don bhall foirne gur beart réamhchúraim an socrú é/í a shaoradh ar a c(h)uid dualgais agus nach beart araíonachta.

Tugtar tuairimí an bhaill foirne a bhaineann le hábhar san áireamh agus socrú á dhéanamh maidir leis na bearta cosanta is cóir a dhéanamh.  Ní bheidh dul, ina dhiaidh sin is uile, thar chinneadh Ard-Rúnaí na Roinne.

**Gearáin Mhailíseacha:** Sa chás go mbreithnítear go ndearna duine den phobal gearán le teann mailíse, cuirfear an cás faoi bhráid na n-údarás cuí. Sa chás go mbreithnítear go ndearna duine den fhoireann gearán le teann mailíse, is féidir an próiseas araíonachta a chur i bhfeidhm agus déanfar, de réir mar is cuí, cibé beart is gá.

Déanfaidh AD agus an tOifigeach Caidrimh Ainmnithe gach taifead a bhaineann le líomhaintí in aghaidh duine den fhoireann a choinneáil slán.

## 13. An nós imeachta a mholtar do dhuine ar a líomhnaítear sárú na dtreoirlínte

Sa chás go gcuirtear drochúsáid i do leith, agus faoi réir ag na nósanna imeachta a leagtar amach thuas, moltar duit aird a bheith agat ar na nithe seo a leanas:

- Breac nótaí a luaithe is féidir maidir le gach uair a bhí teagmháil idir tú féin agus an leanbh atá i gceist agus ar gach gníomh a rinneadh.
- Féach le comhairle ghairmiúil agus comhairle dlí a fháil ar do shon féin.
- Cinntigh nach mbíonn aon teagmháil eile agat leis an leanbh atá i gceist.

## 14. An Nós Imeachta maidir le Gearán ó Bhall Foirne, Tuismitheoir nó Leanbh

Sa chás gur mian le duine den fhoireann, le tuismitheoir nó le leanbh gearán a dhéanamh faoin modh ina bhfuil bearta na Roinne ar mhaithe le Leanaí a Chosaint á gcur i bhfeidhm, nó sa chás go meastar gur sháraigh duine den fhoireann an Cód Cleachtais, is féidir gearán i scríbhinn a dhéanamh le duine d'Oifigigh Caidrimh Ainmnithe na Roinne.  Sa chás gur leanbh atá ag déanamh an ghearáin, is féidir sin a dhéanamh ó bhéal le duine ar bith den fhoireann agus cuirfidh an ball foirne sin sonraí an ghearáin in iúl i scríbhinn don Oifigeach Caidrimh Ainmnithe.

An tOifigeach Caidrimh Ainmnithe a phléifidh leis an ngearán agus tiocfaidh an tOifigeach sin i gcomhairle le AD agus/nó Tusla de réir mar is gá.  Déileálfar leis an ngearán go pras agus go tuisceanach agus coinneofar an té a dhéanann an gearán ar an eolas i rith chéimeanna uile an phróisis.

**AGUISÍN 1**

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Ráiteas Corparáide maidir le Leanaí a Chumhdach

## Cúlra

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, éilítear ar eagraíochtaí a chuireann 'seirbhísí ábhartha' faoin Acht sin ar fáil Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach a fhoilsiú. Leagtar amach go mion sa Ráiteas seo na seirbhísí ábhartha a chuireann baill foirne na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar fáil do leanaí chomh maith leis na bunphrionsabail agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun leanaí a chumhdach ar dhíobháil an tráth a mbíonn leas á bhaint acu as na seirbhísí sin.

## Réamhrá

Déanann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maoirseacht ar chosaint,
forbairt agus cur i láthair chinn scríbe na hÉireann atá saibhir ó thaobh na hoidhreachta cultúir, lena n-áirítear cinn scríbe turasóireachta na hÉireann, na healaíona agus cultúr, an teanga, spórt, na pobail Ghaeltachta uathúla agus na hearnálacha craoltóireachta agus meán. Áirítear ar na príomhfheidhmeanna a thagann faoi scáth shainchúraimí na Roinne:

- Cúrsaí Ealaíon, Cultúir, Scannánaíochta agus Ceoil, chomh maith le maoirseacht i ndáil le forais chultúir na hÉireann;
- an Ghaeilge, an Ghaeltacht; agus
- Comhoibriú Thuaidh/Theas chomh mór agus a bhaineann le Turasóireacht Éireann, an Foras Teanga agus feidhmeanna forghinearálta na Roinne
- fónamh do phobal níos sláintiúla agus níos gníomhaí trí rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt a chur chun cinn, treisiú le beartaíocht ardfheidhme agus áiseanna a chur ar fail
- beartas craoltóireachta agus meán a fhorbairt, lena n-áirítear reachtaíocht i ndáil le sábháilteacht ar líne agus as maoirseacht a dhéanamh ar Coimisiún na Meán, ar RTÉ agus ar TG4.

Is é cuspóir atá leis an Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach go gcinnteofaí, oiread agus is praiticiúil, agus i gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, (arna leasú), nach mbeadh aon obair ná beartaíocht de chuid na Roinne arb é atá i gceist leis na bearta oideachais, taighde, oiliúna, cultúir, caithimh aimsire, fóillíochta, sóisialta ná aclaíochta, ina chúis le díobháil, de réir mar a chiall sin faoin Acht, do leanbh ar bith a thapaíonn seirbhísí dá sórt.

Tá sábháilteacht agus leas na leanaí agus na ndaoine óga ina phríomhchuspóir ag an Roinn agus leagtar barrthábhacht air. Tá freagracht agus dualgas cúraim ar an uile dhuine d'fhoireann na Roinne a chinntiú go mbíonn gach leanbh nó duine óg a bhíonn i gcaidreamh leis an Roinn sábháilte agus á chosaint ar dhíobháil (ó thaobh na colainne, na mothúchán, drochúsáid gnéis nó faillí). Tá feidhm leis na polasaithe agus leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach i ndáil le gach duine d'fhoireann na Roinne, lena n-áirítear baill foirne shealadacha, baill foirne ar conradh agus daltaí ar thréimhse socrúcháin.

Rinneadh athbhreithniú ar na feidhmeanna uile agus ar an mbeartaíocht uile ar fud réimsí uile na Roinne i gcomhthéacs an Achta um Thús Áite do Leanaí. Thángthas leis an athbhreithniú sin a dhéanamh ar an gcomhairle gurb í an t-aon seirbhís amháin a chuireann an Roinn ar fáil a bhaineann le hábhar de réir mar a mhínítear san Acht socrúcháin taithí oibre a chur ar fáil ó am go chéile do dhaltaí na hIdirbhliana agus daoine a fhostú ó am go chéile mar Oifigeach Cléireachais Sealadach. Cé nach dtagann Oifigeach Cléireachais Sealadach a fhostú faoi scáth chiall an Achta le seirbhísí ábhartha a chur ar fáil do leanaí, faoi mar a leagtar sin amach i Sceideal 1 leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, d'fhéadfadh i gcásanna faoi leith go mbeadh Oifigeach Cléireachais

Sealadach faoi bhun 18 mbliana d'aois. Meastar an baol d'Oifigeach Cléireachais Sealadach faoi aois a bheith ar aon dul leis an mbaol do dhaltaí Idirbhliana. Dá réir sin, beidh na réimsí baoil a shonraítear agus na bearta maolúcháin ina leith a leagtar amach anseo thíos á gcóiriú de réir mar is cuí agus á gcur i bhfeidhm i ndáil le haon Oifigeach Cléireachais Sealadach atá faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tá an mheasúnacht baoil dá réir sin dírithe ar na réimsí beartaíochta sin go sonrach.

## Measúnacht Baoil agus Nósanna Imeachta

| **Réimse Baoil** | **Ábhar sonrach baoil** | **Nós Imeachta d'fhonn an baol a mhaolú** |
|---|---|---|
| Daltaí idirbhliana agus/nó mic léinn i mbun socrúcháin leis an Roinn | a)Go n-imreodh duine den fhoireann díobháil ar an dalta i rith thréimhse an tsocrúcháin leis an Roinn | i) Tabharfar sonraí comhfhreagrais dhuine den fhoireann AD don uile dhalta a thagann i mbun socrúchán oibre sa Roinn ionas gur féidir leo aon cheist/ábhar buartha a tharraingt anuas leis an duine sin.<br>ii) Tabharfar cóip de Ráiteas na Roinne maidir le Leanaí a Chumhdach don dalta agus míneofar an Ráiteas go mion i ndáil le socrúchán idirbhliana.<br>iii) Beidh de dhualgas ar theagmhálaí dul i dteagmháil le dalta idirbhliana a chuirtear ina leith leath bealaigh tríd an tréimhse socrúcháin agus arís ar dheireadh a theacht leis an tréimhse sin.<br>iv) Críochnóidh gach ball foirne ag a mbíonn teagmháil le dalta an cúrsa oiliúna Tús Áite do Leanaí r-fhoghlaim.<br>v) Tabharfar treoirlínte na Roinne maidir le cosaint leanaí don uile dhuine d'fhoireann na Roinne mar chuid den phróiseas ionduchtúcháin.<br>vi) De réir mar is praiticiúil, ní mór ar a laghad beirt daoine fásta a bheith in éineacht le leanaí an t-am ar fad.<br>Vii) Tá próiseas i bhfeidhm ag an Roinn chun déileáil le ball foirne is ábhar do bheart fiosrúcháin a chuirtear ar bun i ndáil le gníomh, mainneachtain nó cúinse a bhaineann le haon leanbh atá ceangailte le hobair na Roinne. Is féidir cóip den nós imeachta sin a fháil ach a iarraidh. |
| | b) Nach ndéanfaí tuairisc mar is ceart a thabhairt | i) Tá treoir do bhaill na foirne maidir le hábhar buartha i ndáil le leas agus cosaint leanaí a thuairisciú ar fáil i |

| | | |
|---|---|---|
| | do Tusla sa chás go ndéantar díobháil a nochtadh | gcáipéis Pholasaí na Roinne maidir le Cosaint Leanaí.<br>ii) Deimhneoidh an t-oifigeach freagrach (PO Cúnta/Maor) maidir leis an aonad ina gcuirtear dalta do AD, sula dtosaíonn an tréimhse socrúcháin, gur cuireadh gach duine d'fhoireann an aonaid ar an eolas maidir leis an Treoir Thuairiscithe atá ar fáil i gcáipéis Pholasaí na Roinne maidir le Cosaint Leanaí.<br>iii) Ar dheireadh a theacht leis an tréimhse socrúcháin, seiceálfaidh oifigeach freagrach (PO Cúnta/Maor) an aonaid leis an lucht foirne ar tharla aon nochtadh, agus má tharla, go ndearna an ball foirne tuairisc mar is cóir a chur ar aghaidh chuig Oifigeach Caidrimh Ainmnithe na Roinne agus chuig Tusla. |

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a dhéanann bainistíocht ar chúrsaí earcaíochta maidir leis an Státseirbhís. Os a choinne sin, déanann an Roinn féin obair maidir grinnfhiosrúchán cuí de chuid an Gharda Síochána maidir le baill ionchais foirne arna gceapadh ar bhonn séasúrach, baill foirne sealadacha san áireamh, nuair a mheastar gur cuí sin.

Cuirfear cóip de Ráiteas na Roinne maidir le Leanaí a Chumhdach agus de Pholasaí na Roinne maidir le Cosaint Leanaí ar fáil do bhaill uile na foirne. Beidh dlite ar bhaill foirne, atá i mbun ról ina mbíonn plé díreach acu le leanaí, an Fhoirm chuí maidir le Dearbhú an Bhaill Foirne a shíniú.

Tá liosta á choinneáil ag aonad AD na Roinne de dhaoine sainordaithe.

## Cur i bhfeidhm

Admhaíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán gur próiseas leanúnach atá i gceist leis an gcur i bhfeidhm agus tá an Roinn tugtha don Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach agus do na nósanna imeachta a luaitear ann a chur i bhfeidhm.

Ní mór, faoi Alt 11(7) san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, an Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach a bhreithniú ar dhá bhliain a chaitheamh ón dáta foilsithe nó a luaithe is praiticiúil tar éis do chor nua tarlú maidir le hábhar ar bith a luaitear sa ráiteas.

**Is féidir fiosrúchán a dhéanamh leis an bPríomhoifigeach Cúnta, An tAonad Rialachais Chorparáidigh, atá ina Oifigeach Caidrimh Ainmnithe sa Roinn:**
**Sylvia Shannon**
**Príomhoifigeach Cúnta,**
**An tAonad Rialachais Chorparáidigh.**

**Teil:** 01-6313833

**Ríomhphost:** Sylvia.Shannon@tcagsm.gov.ie

# AGUISÍN 2

**Sonraí Comhfhreagrais Oifigigh Caidrimh Ainmnithe na Roinne**

**Na Rannóga Corparáide, Cultúir & Ealaíon:**

**Oifigeach Caidrimh Ainmnithe:**
Sylvia Shannon
Rialachas Corparáideach
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon,
Gaeltachta, Spóirt agus na Meán
23 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
Ríomhphost: Sylvia.Shannon@tcagsm.gov.ie
Teil: 01 6313833

**An Leas-Oifigeach Caidrimh Ainmnithe:**
Róisín Ní Chadhain
Rialachas Corparáideach
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon,
Gaeltachta, Spóirt agus Meán
23 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
Ríomhphost:
Roisin.NiChadhain@tcagsm.gov.ie

**Rannóg na Gaeltachta**

**Oifigeach Caidrimh Ainmnithe:**
Sharon Ó Ceallaigh
Brainse na Gaeltachta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán
Na Forbacha
Co. na
Gaillimhe
Ríomhphost: Sharon.kelly@tcagsm.gov.ie
Teil: 091 503769

**An Leas-Oifigeach Caidrimh Ainmnithe:**
Bríd Breathnach
Brainse na Gaeltachta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán
Na Forbacha
Co. na
Gaillimhe
Ríomhphost: Brid.Breathnach@tcagsm.gov.ie
Teil: 091 503 731

**Maidir le gearán a dhéanamh faoi ghné ar bith eile de sheirbhísí na Roinne, ceadaítear Plean Gníomhaíochta na Roinne maidir le Seirbhís don Chustaiméir (An Nós Imeachta Gearáin).**

**https://www.tcagsm.gov.ie/about/customer-service/**

## AGUISÍN 3

**An tAcht um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998**

Faoin Acht um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998, foráiltear do dhíolúine ó dhliteanas sibhialta ag daoine a thugann tuairisc maidir le drochúsáid linbh "go réasúnta agus le meon macánta" do FSS nó don Gharda Síochána. Ciallaíonn sin, fiú sa chás nach dtarlaíonn, ar fhiosrú a dhéanamh, bonn fírinne le hábhar amhrais maidir le drochúsáid linbh a dtugtar tuairisc ina leith, go mbeadh ar ghearánaí a thionscnódh caingean dlí a chruthú nach go réasúnach agus de mheon macánta a tugadh an tuairisc.

Tá an chosaint sin i bhfeidhm i ndáil le heagraíochtaí agus le daoine. Meastar dá réir sin gur cheart d'eagraíochtaí iomlán na freagrachta a ghlacadh orthu féin maidir le tuairisc ar ábhar amhrais maidir le drochúsáid linbh a thabhairt do na húdaráis chuí. Is i gcomhréir le polasaí agus treoirlíne Oifig na nOibreacha Poiblí is ceart tuairisc a thabhairt do FSS agus don Gharda Síochána.

*Luaitear in Alt 3 (1) san Acht:*

*"3. (I) Maidir le duine a bheadh, ar leith ón alt seo, faoi dhliteanas amhlaidh, ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas maidir le damáistí i leith é nó í do chur a thuairime nó a tuairime in iúl, i scríbhinn nó ar shlí eile, do dhuine cuí á rá-*

*(a) go raibh nó go bhfuil ionsaí á dhéanamh ar leanbh, ainíde á tabhairt do leanbh, faillí á déanamh i leanbh nó drochúsáid ghnéasach á tabhairt do leanbh, nó*

*(b) go bhfuil dochar inseachanta déanta nó á dhéanamh do shláinte, d'fhorbairt nó do leas linbh nó faillí inseachanta déanta nó á déanamh sna nithe sin,*

*mura rud é go gcruthófar nár ghníomhaigh sé nó sí go réasúnach agus de mheon macánta le linn teacht ar an tuairim sin agus í a chur in iúl don duine cuí".*

Faoi Alt 4 san Acht sin, ní chuirfear pionós ar fhostaí ar bith as drochúsáid linbh a thuairisciú le hintinn mhaith do FSS ná don Gharda Síochána.

**Cosaint bunaithe ar Phribhléid Shrianta**

D'fhéadfadh cosaint freisin faoin dlí coiteann, arna bhunú ar phribhléid shrianta,
ag an duine a thugann tuairisc de mheon macánta agus chun leasa an linbh.
Foráiltear do chosaint faoin Dlí Coiteann, i gcásanna áirithe, don duine a dhéanann 31 ráiteas ó bhéal nó i scríbhinn de chineál a d'fhéadfadh údar an ráitis a fhágáil faoi dhliteanas maidir le gearán clúmhillte dá mba i gcúinsí eile a dhéanfaí ráiteas dá leithéid. Is ann don chosaint i bhfianaise go dtarlaíonn cásanna inar gá saoirse labhartha ag duine gan eagla maidir le toradh chun dochair i gcúrsaí dlí.

Go ginearálta, is iad na cásanna a thagann faoi scáth na pribhléide na cásanna sin ina bhfuil de dhualgas ar dhuine labhairt amach nó leas a chosaint. Ní gá gur dualgas faoin dlí go sonrach an dualgas a bheadh i gceist: is leor dualgas morálta nó sóisialta ráiteas nó tuairisc a thabhairt. Ní mór dualgas dá réir glacadh leis an ráiteas ar an té lena ndéantar an ráiteas. Níl feidhm leis an gcosaint ach amháin sa chás nach le teann mailíse a dhéantar an ráiteas.

Sa chás go bhfuil de dhualgas ar dhuine labhairt amach agus go ndéanann an duine amhlaidh gan aon mhailís, is féidir talamh slán a dhéanamh de chosaint mar gheall ar phribhléid shrianta in aghaidh aon ghearán maidir le clúmhilleadh a d'eascródh ón ráiteas sin. Beidh feidhm leis an gcosaint sa chás, mar shampla, go dtugann fostaí tuairisc don bhainisteoir líne (nó do dhuine a ainmnítear go sonrach) faoi amhras bona fide go bhféadfadh gníomh drochúsáide a bheith déanta ag fostaí eile i rith a c(h)uid fostaíochta.

## AGUISÍN 4

## Dearbhú gach Duine den Fhoireann i leith an Pholasaí maidir le Cosaint Leanaí

**Ainm (bloclitreacha):** ______________________________________

**Dáta Breithe:** ______________________________________

**Seoladh:** ______________________________________

______________________________________

**Uimhir ghutháin:** ______________________________________

**Ionad Oibre:** ______________________________________

**Grád:** ______________________________________

Admhaím go bhfuair mé

**Polasaí na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maidir le Cosaint Leanaí**

Tá na sonraí a leagtar amach sa pholasaí agus sna cleachtais agus nósanna imeachta breise léite agam agus tuigim iad. Aontaím déanamh de réir na dtreoirlínte maidir le nósanna imeachta agus cleachtais a luaitear iontu agus lena cheangal sin orm.

**Síniú:** ______________________________________

**Ainm an Fhostaí:**

**Dáta:** ______________________________________

**Ní mó do Cheann an Aonaid Gnó an dearbhú seo a shíniú, a sheoladh ar ais agus a choinneáil.**

**AGUISÍN 5**

# Foirm Toilithe

Tugaimse leis seo cead don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán úsáid a bhaint as m'ainm agus as mo mhacasamhail ghrianghrafadóireachta i ngach cineál agus meán maidir le fógraíocht, trádáil agus gach cuspóir eile atá dleathach. D'fhéadfadh go dtiocfadh san áireamh leis sin a scaipeadh ar chomhlachtaí meán cumarsáide, a fhoilsiú ar láithreán gréasáin/inlíon/eislíon de chuid na Roinne nó cainéal digiteach eile.

Ainm i mBloclitreacha: ______________________________

Síniú: ______________________________

Dáta: ______________________________

**SA CHÁS GO BHFUIL RANNPHÁIRTÍ FAOI BHUN 18 mBLIANA D'AOIS:**

Cuirtear in iúl le do thoil go dtoilíonn tú, thar ceann leanbh de do chuid, leis an scannánaíocht/grianghrafadóireacht/poiblíocht seo agus go dtuigeann tú go hiomlán an chúis atá leis an scannánaíocht/grianghrafadóireacht/taifeadadh fuaime trí shíniúchán a chur thíos. Tá cead á thabhairt agat freisin an t-íomhá agus ainm an linbh a úsáid ar mhaithe leis na cuspóirí a liostaítear thuas.

Ainm i mBloclitreacha: ______________________________

Síniú: ______________________________

Dáta: ______________________________

## AGUISÍN 6

## Nósanna Imeachta Sábháilte maidir le hOibrithe a Earcú

Go ginearálta, is i gcomhar leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a chuirtear gnóthaí earcaíochta i gcrích sa Roinn. A luaithe a thairgtear post d'iarrthóir, bíonn ar an iarrthóir foirm imréitigh a líonadh amach agus a chur faoi bhráid maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Déantar foráil d'athbhreithniú a dhéanamh maidir le hiarrthóir ionchais má dhéantar nochtadh. Ag brath ar an ról a fógraíodh, d'fhéadfadh coinníollacha faoi leith a bheith i gceist a chuirfeadh iarrthóirí faoi leith as an áireamh maidir le hoibriú san eagraíocht. Tugtar eolas mion faoi aon choinníoll faoi leith a ghabhann le post ar an bhfoirm iarratais maidir leis an bpost sin.

Mar chuid den Pholasaí maidir le Cosaint Leanaí atá i bhfeidhm ag an Roinn, tá dlite ar gach ball nua den fhoireann dearbhú a líonadh lena n-aontaítear na polasaithe éagsúla maidir le cosaint leanaí atá i bhfeidhm sa Roinn a shásamh. Éilítear ar iarrthóirí grianghraf a chur leis an bhfoirm iarratais agus déantar teistiméireachtaí a dheimhniú ar an teileafón.

Meastar, i ndáil le baill foirne shealadacha, gur tréimhse promhaidh an chéad mhí de théarma an chonartha téarma seasta agus dírítear aird air sin sa chonradh. Aontaíonn an lucht bainistíochta agus na hoibrithe an conradh agus bíonn imréiteach slándála cuí dlite. Sa chás nach mbíonn imréiteach slándála ar leibhéal mar is mian leis an Roinn, is féidir an conradh a chur ar ceal.

Sonraítear an fheidhm thuairiscithe sa chonradh. Cuirfidh an lucht bainistíochta cúrsa aitheanta cuí in Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí ar fáil agus rachaidh na baill foirne faoin oiliúint sin de réir mar is gá.

# <u>AGUISÍN 7</u>

**Teacht le**
***Tús Áite do Leanaí***
***Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017***

**Seicliosta do chomhlachtaí a mhaoinítear faoi scéimeanna deontais arna rith ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

**Seicliosta maidir le Comhlíonadh Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí**
Leagtar amach mar seo a leanas sa cháipéis treorach maidir le Tús Áite do Leanaí na róil agus na réimsí freagrachta maidir le Ranna Rialtais:

*"Tá de dhualgas ar gach Roinn Rialtais a chinntiú go gcoinnítear gach leanbh agus duine óg sábháilte le linn dóibh seirbhísí a thapú a chuireann an Roinn ar fáil nó a chuirtear ar fáil le maoiniú na Roinne. Tá de fhreagracht ar gach roinn chomh maith a chinntiú go mbíonn gach ball foirne de chuid na Roinne féin, sna hearnálacha agus sna gníomhaireachtaí a thagann faoi shainchúram na Roinne, agus maidir le seirbhísí arna maoiniú ag an Roinn, ar an eolas faoina bhfuil de dhualgas orthu faoin Treoir seo agus faoin reachtaíocht a bhaineann le hábhar agus go gcomhlíontar an dualgas sin. Tugtar san áireamh, go mór mór, an dualgas faoin reachtaíocht ar dhaoine sainordaithe agus Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach a chur ar fáil."*

Féachtar leis an seicliosta seo freagrachtaí na Roinne, mar a leagtar amach thuas, a chomhlíonadh i ndáil le measúnacht ar a fheabhas atá Tús Áite do Leanaí á chur i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí arna maoiniú ag an Roinn.

**Cé a chaithfidh an liosta seiceála a líonadh amach?**
Sa chás go mbíonn gníomhaíochtaí nó seirbhísí á gcur ar fáil agat féin nó ag d'eagraíocht do leanaí agus do theaghlaigh, luaitear in Tús Áite do Leanaí 2015 go bhfuil de dhualgas corparáide ort na leanaí atá faoi do chúram a chumhdach. Ní mór d'eagraíocht nó do dhuine aonair a chuireann gníomhaíochtaí nó seirbhísí ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh, ábhar treorach agus nósanna imeachta a leagan amach do bhaill na foirne agus d'oibrithe deonacha i ndáil le cosaint leanaí – déantar, go ginearálta, sin a leagan amach i Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach.

Ba cheart do sholáthraí seirbhíse an liosta seiceála seo a líonadh amach sa chás gur seirbhís í arna maoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, lena mbaineann obair nó gníomhaíocht ar gné riachtanach agus rialta de go mbítear i dteagmháil le leanaí trí bheartaíocht oideachais, taighde, oiliúna, cultúir, caithimh aimsire, sóisialta nó fisiciúil a chur ar fáil nó trí chomhairle a chur ar leanaí nó mar gheall ar aire a thabhairt do leanaí nó a bheith ina bhfeighil. Sa chás go ndéanann an Roinn maoiniú a chur ar fáil d'eagraíocht nó do chomhlacht a dhéanann maoiniú a chur ar fáil dá réir don tríú páirtí maidir le seirbhís de na cineálacha réamhluaite a chur ar fáil do leanaí, tá de dhualgas ar an gcomhlacht nó ar an eagraíocht dá dtugann an Roinn maoiniú go díreach a chinntiú go mbíonn polasaithe

agus nósanna imeachta ag teacht le Tús Áite do Leanaí curtha ar bun ag an tríú páirtí sin.

**Cén cuspóir atá leis an liosta seiceála seo?**
Beidh an liosta seiceála seo ina chúnamh ag dreamanna a fhaigheann deontas chun measúnú a dhéanamh, sa chás gur cuí sin, ar a fheabhas atá Tús Áite do Leanaí á chur i bhfeidhm i mbun a gcuid seirbhísí a chur ar fáil agus tá an liosta bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017;
- Cumhdach Leanaí: Treoir do Pholasaí, Nós Imeachta agus Cleachtas –

TUSLA

Ba cheart an liosta seiceála a líonadh amach i ndáil leis an dá cháipéis sin.

Beidh líonadh an liosta seiceála agus faisnéis ríthábhachtach a chur ar fáil maidir leis an modh ina ndéanann tusa nó d'eagraíocht leanaí a chosaint ina chúnamh agatsa agus ag an Roinn maidir lena leagtar de dhualgas orainn i leith na leanaí a chomhlíonadh.

Tugtar chun aire go bhféadfadh, sa chás nach mbeadh Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach ar chaighdeán inchurtha lena luaitear sa liosta seiceála, nach mbeadh an Roinn in ann maoiniú a chur ar fáil duitse/do d'eagraíocht.

**Liosta Seiceála maidir le Cosaint Leanaí**

Sa chás go mbíonn **FREAGRA DIÚLTACH** le tabhairt ar aon cheann de na ceisteanna seo, tugtar le fios cé na bearta atá á ndéanamh chun an scéal a chur ina cheart agus, má bhaineann le hábhar, cén tréimhse ama atá i gceist lena chur i gcrích. Mura mbaineann sé le hábhar, luaitear na cúiseanna nach mbaineann.

| **1** | **1 Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach Nóta más gá beart a dhéanamh** | **Dearfach** | **Diúltach** | **maidir le cur i bhfeidhm /comhlíonadh a chinntiú** | **Tráthchlár** |
|---|---|---|---|---|---|
| 1.1 | An bhfuil Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach i bhfeidhm atá ag teacht le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 agus le Leanaí a Chumhdach : Treoir do Pholasaí, Nós Imeachta agus Cleachtas – TUSLA | | | | |
| 1.2 | An luaitear sa Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach an t-ábhar sainmhínithe agus comharthaí sóirt na drochúsáide mar a leagtar amach in Tús Áite do Leanaí 2017? | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1.3 | An dtugtar eolas sa Pholasaí maidir le Cosaint agus Leas Leanaí faoi<br><br>Alt 176 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006[2] (leanaí a chur i gcontúirt go meargánta) agus<br><br>an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012[3]? | | | | |
| 1.4 | An leagtar amach sa pholasaí an ní atá i gceist le<br>cúiseanna réasúnta le hábhar | | | | |
| 1.5 | An dtugtar nochtadh atrátha<br>san áireamh sa pholasaí? | | | | |
| 1.6 | An leagtar amach sa Ráiteas maidir le Leanaí a Chumhdach córas soiléir tuairiscithe lena sonraítear, go háirithe, na daoine a bhfuil de fhreagracht orthu tuairisc a thabhairt faoi ábhar buartha | | | | |
| 1.7 | An bhfuil Oifigeach Caidrimh Ainmnithe<br>ceaptha ag an eagraíocht i gcomhréir le Tús Áite do Leanaí 2015?<br><br>Má tá, tugtar ainm an té sin: | | | | |
| 1.8 | An bhfuil Leasoifigeach Caidrimh Ainmnithe<br>ceaptha ag an eagraíocht?<br><br>Má tá, tugtar ainm an té sin: | | | | |
| 1.9 | An dtugtar nósanna imeachta<br>maidir le cúrsaí rúndachta san | | | | |
| 1.10 | An dtugtar malartú faisnéise<br>nuair a bhaineann le<br>ceisteanna maidir le<br>cosaint nó leas leanaí san áireamh | | | | |
| 1.11 | An bhfuil nósanna imeachta chun déileáil le líomhaintí<br>in aghaidh duine den fhoireann | | | | |

[2] Leagann ceanglas ar dhuine a bhfuil údarás nó smacht ar leanbh nó ar dhroch-úsáideoir gan an leanbh a chur i mbaol go hintinneach nó go meargánta tríd an leanbh a fhágáil i gcás go mbeadh baol ollmhór ann go dtarlódh dochar tromchúiseach nó mí-úsáid gnéis don leanbh, ná iad a chur sa chás sin. Luaitear ann go bhfuil cion déanta acu má theipeann orthu bearta réasúnacha a dhéanamh chun leanbh a chosaint agus a fhios aige nó aici go bhfuil leanbh i riocht den sórt sin.

[3] déanann cion coiriúil d'fhaisnéis a bhaineann le cion tromchúiseach a shocrú, cion gnéasach san áireamh, i gcoinne duine faoi 18 mbliana nó duine soghonta.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1.12 | An leagtar amach Cód Iompair sa pholasaí idir baill na foirne agus daoine óga? | | | | |
| 1.13 | An dtugtar treoir maidir le hiompar dúshlánach a láimhseáil san áireamh leis an bpolasaí?<br>e.g. caint bhagrach nó | | | | |
| 1.14 | Má bhaineann le hábhar, an bhfuil nósanna imeachta leagtha amach maidir le | | | | |
| 1.15 | An bhfuil treoir faoi leith a chuirtear ar an bhfoireann maidir le leanaí a bheadh go mór i mbaol[4]?<br><br>Má tá, tugtar cuntas sonrach | | | | |
| 1.16 | An leagtar amach sa pholasaí an dea-chleachtas maidir le bainistíocht shábháilte ar ghníomhaíochtaí, cásanna ina mbeadh duine amháin le duine óg | | | | |
| 1.17 | An leagtar amach nós imeachta maidir le gearáin sa pholasaí? | | | | |
| 1.18 | An leagtar amach sa pholasaí nósanna imeachta maidir le | | | | |
| 1.19 | An leagtar amach nósanna imeachta maidir le taifid a choimeád sa pholasaí?<br><br>Má dhéantar, an luaitear mar chuid de na nósanna imeachta gur cheart taifid a choimeád go sábháilte agus go rúnda?<br><br>An luaitear go sonrach mar chuid de na nósanna imeachta an t- | | | | |
| 1.20 | An gcuirtear an Polasaí Maidir le Cosaint agus Leas Leanaí ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaoine óga?<br><br>Luaitear an dóigh ina gcuirtear an polasaí ar fáil .i. ar láithreán | | | | |
| **2** | **Baill Foirne & Oibrithe Deonacha** | | | | |

4 Leanaí a bhféadfadh gur imríodh drochúsáid orthu nó go ndearnadh faillí orthu, nó a bhfuil baol ann go bhféadfaí drochúsáid a imirt orthu nó faillí a dhéanamh orthu, leanaí i suíomhanna cónaithe;
leanaí atá faoi chúram an Stáit faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 (faoi chúram altramais, faoi chúram duine muinteartha; in áras cúraim); leanaí atá gan dídean; leanaí faoi mhíchumas; leanaí atá dealaithe óna muintir agus ag lorg tearmainn; leanaí a bhfuil gáinneáil á dhéanamh orthu san áireamh.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.1 | An ndéantar iarratais maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus grinnfhiosrúchán i dtíortha eile, | | | | |
| 2.2 | An bhfuil tosca faoi leith a d'fhágfadh iarratasóirí as an áireamh | | | | |
| 2.3 | An bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm maidir leis an earcaíocht agus leis an | | | | |
| 2.4 | An bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le maoirseacht ar bhaill na foirne | | | | |
| 2.5 | An gcuirtear eolas ar fáil faoi Pholasaí na heagraíochta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí | | | | |
| 2.6 | An gcuirtear oiliúint ar fáil do bhaill na foirne faoi Pholasaí na heagraíochta | | | | |
| **3** | **Athbhreithniú** | | | | |
| 3.1 | Cé chomh minic is a dhéantar athbhreithniú ar an | | | | |
| 3.2 | Cé atá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar an bPolasaí maidir le Cosaint agus Leas Leanaí?<br>Ainm: | | | | |

**RÁITEAS**

Dearbhaím leis seo go bhfuil an t-eolas a thugtar thuas cruinn fírinneach.

Dearbhaítear leis seo go dtoilítear leis an bhfaisnéis thuas a nochtadh chun críche an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

Síniú: ____________________________________________

Post/Teideal: ______________________________________

Ainm na heagraíochta/an chomhlachta: ________________________________________

Sonraí Comhfhreagrais: (Fón) (rphost)

An dáta ar líonadh amach an seicliosta: _______/______/______

Le hÚsáid ag an Roinn amháin:

Ainm an Bhainisteoir Maoinithe sa Roinn: ______________________________

An dáta a bhfuarthas an seicliosta: _______/______/______